NCI
Coláiste Náisiúnta na hÉireann | National College of Ireland

Tuarascáil Bhliantúil 2022-2023

Teachtaireacht ó Uachtarán

An tOllamh Gina Quin

Seo bliain mhór i stair Choláiste Náisiúnta na hÉireann, bliain ina ndearnamar ár gcéad infheistíocht san fhoirgníocht ó bhogamar go dtí an Lárionad Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta nach mór cúig bliana fichead ó shin. Tá foirgneamh sealbhaithe againn i nDuga Spencer, díreach 300m ónár bhfoirgneamh i gCearnóg an Mhéara, foirgneamh a thabharfaidh don Choláiste an spás a theastaíonn uainn le fás agus forbairt lenár misean a chomhlíonadh, is é sin 'saol daoine a athrú tríd an oideachas'.

Is cuí gur ceannaíodh an foirgneamh seo sa bhliain chéanna ina bhfuil Plean Straitéiseach 5 Bliana Choláiste Náisiúnta na hÉireann á sheoladh againn. Tá an síneadh leis an gcampas ag teacht leis na sé cholún lárnacha atá sa straitéis seo. Deis thar cionn atá sa spás breise seo torthaí a bhaint amach dár **mic léinn** a bhainfidh tairbhe as na saoráidí níos fearr; dár **mbaill foirne** toisc go mbeidh timpeallacht oibre níos fearr againn dár ngníomhaíochtaí ar fad; inár **dteagasc** toisc go mbeidh seomraí ranga agus spásanna staidéir níos fearr ann; inár **dtaighde** toisc go gcuirfear le lorg na leabharlainne; agus chun tuilleadh conairí **isteach** chun an oideachais a chur ar fáil do dhaoine ar champas fairsingithe an choláiste. Anuas ar an méid sin, tá spás á chur ar fáil ar an gcampas nua do na teaghlaigh agus páistí a bhaineann leas as an Tionscnamh atá againn don Luathfhoghlaim. Ar an gcampas forbartha, beidh an Coláiste in ann díriú linn ar ár ról speisialta mar **sholáthraí sonrach oideachais** a thugann bealach isteach chun an Ardoideachais.

Táimid buíoch den Aire Simon Harris agus den Aire Paschal Donohoe as a gcuid ama a thabhairt le haitheantas agus tacaíocht a thabhairt do sheoladh an Phlean Straitéisigh. Rinneamar ceiliúradh ar an seoladh nuair a bronnadh Ánracht Oinigh ar an Ath. Peter McVerry; an tAth. Leonard Moloney SJ, Cathaoirleach Bhord Rialaithe an Choláiste, a léigh an óráid in ómós don Ath. McVerry.

Is i mbliana a thiocfaidh deireadh le téarma an Ath. Leonard mar an Cathaoirleach. Thar ceann an Bhoird Rialaithe agus phobal níos leithne an Choláiste, gabhaim buíochas ó chroís leis as a obair éachtach agus as a chomhairle chríonna.

Mar is iondúil, táim buíoch as an gcomhairle agus tacaíocht ón mBord Rialaithe ar fad agus as dúthracht na foirne teagaisc agus na mball foirne eile i gColáiste Náisiúnta na hÉireann, go háirithe agus muid ag tabhairt faoi thréimhse seo an fhairsingithe.

Bhí rath agus bláth ar Choláiste Náisiúnta na hÉireann sa bhliain acadúil 2022/23. Is iomaí mac léinn a bhain éachtaí amach agus bhí neart tionscnaimh Acmhainní Daonna agus Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe ann. Tá torthaí thar barr bainte amach againn i réimsí seachtracha chomh maith - an taighde idirnáisiúnta, foilseacháin agus sa reáchtáil comhdhálacha, deiseanna dúinn le haird a dhíriú ar ár misean agus ar an rath acadúil. Agus an méid seo á fhorbairt, mar aon leis an gcampas fairsingithe san IFSC sa limistéar thoir thuaidh de Lár na Cathrach, táim thar a bheith tógtha faoina bhfuil i ndán dúinn.

Réamhrá ó

Chathaoirleach an Bhoird Rialaithe

An tAth. Leonard Moloney, SJ

Is í 2022/23 an bhliain acadúil dheireanach atá agam ar Bhord Rialaithe Choláiste Náisiúnta na hÉireann a bhfuil mé i mo chathaoirleach air ó bhí 2016/17 ann, rud a spreagann mé le machnamh siar ar an am atá caite agam ag obair leis an gColáiste seo. Tá Coláiste Náisiúnta na hÉireann feicthe agam ag fás agus i mbun na nuála agus, san am céanna, gan an nasc a chailliúint le héiteas an choláiste díriú ar an gceartas sóisialta agus misean an choláiste 'saol daoine a athrú tríd an oideachas'.

Tá feicthe agam tionscnaimh don Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú á ndaingniú isteach i mbeartas agus nósanna imeachta le gur soiléir agus praiticiúil an spiorad sa Choláiste den ionchuimsitheacht, inrochtaineacht, oscailteacht agus cothroime, taobh leis na tionscnaimh folláine agus an teacht ar thacaíocht atá mar bhonn faoin gcúram foirne.

Tá an nuáil feicthe go leanúnach agam san oideolaíocht, an nuáil sin fréamhaithe sa taighde agus sa dea-chleachtas, á cur i bhfeidhm i seomraí ina dtugtar deiseanna réadúla an teoiric a chur i ngníomh sa chleachtas; mar aon le taighde agus comhar a fhágann go mbíonn Coláiste Náisiúnta na hÉireann ag saothrú sa taighde is fearr dá bhfuil ann le comhghleactaithe go hidirnáisiúnta.

Tá feicthe agam mic léinn ag fáil tacaíochta le muinín agus cumas pearsanta agus acadúil a bhaint amach le go mbeidís ina smaointeoirí criticiúla, fiontraithe agus le go bhféadfaidís cur leis an tsochaí go ginearálta.

Cuireann sé bród orm go bhfuiltear ag baint tairbhe as na láidreachtaí seo sa Choláiste mar an bhunchloch do Phlean Straitéiseach nua 5 bliana le ceangal a chothú idir na mic léinn thar barr atá againn agus ár saineolaithe ar an bhfoireann. Leagtar amach ann ár ngealltanas coiteann i dtaca leis an rochtain, ceartas sóisialta, ardchaighdeán acadúil agus inbhuanaitheacht. Thar aon ní eile, gealltar sa Phlean go mbeifear ag cloí le staid Choláiste Náisiúnta na hÉireann mar fhoras neamhspleách faoi leith, é sainithe ag an Údarás um Ard-Oideachas, a bhfuil údarás cáiliúcháin á tharmligean air, a mbíonn rath ar a chuid céimithe agus atá ina eiseamláir ardchaighdeáin den rannpháirteachas poiblí, amach as 8,500 mac léinn ar champas úrscothach.

Cúis sásaimh dom go raibh mé sa ról nuair a shealbhaigh Coláiste Náisiúnta na hÉireann foirgneamh nua chun cur le raon feidhme an Choláiste sa limistéar thoir thuaidh de Lár na Cathrach agus na huaillmhianta seo á bhfíorú. Molaim an tOllamh Gina Quin agus gach duine ar Ghrúpa Stiúrtha Dhuga Spencer, an Dr Donnchadh Ó Madagáin, an Stiúrthóir Airgeadais; an tOllamh Jimmy Hill, Leas-Uachtarán; Karen Jones, Cláraitheoir; agus Bertie Kelly, an Bainisteoir Tráchtála.

Is mian liom buíochas a ghabháil le Grúpa Feidhmiúcháin Choláiste Náisiúnta na hÉireann, leis an bhfoireann agus leis na mic léinn, agus go háirithe le comhaltaí an Bhoird Rialaithe agus le hUachtarán an Choláiste an tOllamh Gina Quin as an mbealach a réiteach le go mbeadh am spreagúil lán foghlama, dúshlánach, sásúil agam leis an gColáiste. Guím gach rath ar Brendan McGinty a bheidh ag teacht i gcomharbas orm mar an Cathaoirleach ar an mBord Rialaithe. Táim ag tnúth le ceiliúradh a dhéanamh ar éachtaí an Choláiste amach anseo!

SRACFHÉACHAINT AR CHOLÁISTE NÁISIÚNTA NA hÉIREANN

2022/23

6016
Mac Léinn Cláraithe

58%% **Lánaimseartha**

42% **Páirtaimseartha**

Scoil an Ghnó
3029

95
Clár

Scoil na Ríomhaireachta
2460

121
Náisiúntacht

CELL
527

190
ar an bhFoireann

157

2846 Baineannach

3157 Fireannach

10 B'fhearr gan a Rá

3 neamhdhénártha

ar an bhFoireann Riaracháin agus Tacaíochta

Bronnadh Céime Choláiste Náisiúnta na hÉireann san Ionad Comhdhála, Baile Átha Cliath

BUAICPHOINTÍ NA BLIANA

Iúil 2022

Bhí bród ar Choláiste Náisiúnta na hÉireann tacú le Liz Maguire agus í ag tiomsú airgid ar son Chros Dhearg na hÉireann san Úcráin. D'éirigh chomh maith leis an imeacht i mí Iúil gur reáchtáil an Coláiste an dara hAonach Leabhar i gCearnóg an Mhéara i mí Dheireadh Fómhair.

Lúnasa 2022

Cuairt ó chomhaltaí de Bhord Comhairleach Idirnáisiúnta céimiúil Scoil na Ríomhaireachta , cuairt atá ina spreagadh iontach don fhoireann acadúil agus do mhic léinn. Chaith an tOllamh Armando Fox seal i mbun cainte le Tech Central lena chuid tuiscintí a nochtadh os comhair lucht éisteachta níos leithne fós in Éirinn.

Meán Fómhair 2022

Le Seachtain Feasachta 2022 i leith Disléicse a chomóradh, sheol CNÉ Meitheal Disléicse i gcomhar le hAontas Mac Léinn an Choláiste. Bhí an mheitheal seo in ann tionchar a imirt ar chúrsaí láithreach. Sa phlé a bhí ar bun leis an meitheal a chur ar bun, aithníodh go raibh an chlómhéid do theachtaireachtaí ríomhphoist de réir stíl tí an Choláiste róbheag don inrochtaineacht agus rinneadh í a leasú láithreach go clómhéid dhá phointe dhéag.

Deireadh Fómhair 2022

Fógraíodh an mhí seo go mbeadh síneadh á chur le Campas CNÉ go Duga Spencer.

Samhain 2022

Agus Plean Straitéiseach 5 bliana an CNÉ á sheoladh, bhronn an Coláiste Comhaltacht Oinigh ar an Ath. Peter McVerry SJ.



Nollaig 2022

Shaothraigh CNÉ Duais KeepWell de chuid Ibec, forbairt a léiríonn an obair leanúnach atá ar bun ag Foireann Acmhainní Daonna an Choláiste.

Wellness Week
National College of Ireland

Cúis bhróid don Choláiste an deis a fháil le bheith inár n-ionadaithe ar fhoireann uile-Eorpach (Grúpa PQE, IDA Fareva, Universitat Politècnica de València, Ionad Inniúlachta Néil CNÉ, agus Ollscoil na Teasáile) mar chuid den 30ú seisiún de Dhuaiseanna Tionscail Technology Ireland, ócáid dar cuireadh SPuMoNI (Smart Pharmaceutical Manufacturing) ar an ngearrliosta i nGnóthachtaíl Acadúil Éachtach na Bliana.

Eanáir 2023

In anailís a rinneadh ar an mBearna Phá idir na hInscní in CNÉ, léiríodh go bhfuil foras casta ardoideachais ann ina mbítear sa tóir ar an gcothromas agus, san am céanna, go mbíonn meascán de chonarthaí páirtaimseartha/lánaimseartha/seasta/solúbtha/buana/sealadacha á gcur san áireamh

Feabhra 2023

Sheol dámh na Síceolaíochta in CNÉ Saotharlann POWER (acrainm ar Psycho-Oncology Wellbeing Research) ina mbítear ag saothrú le tuiscint a fháil ar an tslí a mbíonn daoine a thagann slán ón ailse agus a muintir in ann maireachtáil agus teacht aniar a chothú, mar aon le bheith ag breathnú ar fholláine gairmithe cúraim sláinte san oinceolaíocht.

Márta 2023

Tháinig deireadh le téarma an Ath. Leonard Moloney mar Chathaoirleach ar Bhord Rialaithe CNÉ. Tá Brendan McGinty ceaptha le bheith mar chomharba air.

Mar chuid de Shraith Léachtaí an Mhuintearais idir Éire agus an India, labhraíonn an tOllamh Gina Quin, Uachtarán ar Choláiste Náisiúnta na hÉireann, faoin ábhar An tOideachas – luach coiteann in Éirinn agus san India.

Aibreán 2023

Ar Lá Idirnáisiúnta na mBan, sheol Coláiste Náisiúnta na hÉireann creat toilithe a chuireann beartas agus próisis i bhfeidhm chun tacú leo siúd atá á ndíriú orthu agus chun ciapadh gnéasach agus foréigean san ardoideachas a mhaolú. I mí Aibreáin, céim mhór chun tosaigh don Choláiste a bhí ann, mar chuid den chinneadh Deireadh a chur leis an bhForéigean Gnéasach agus Ciapadh san Ardoideachas, nuair a fógraíodh go bhfuil teacht anois ag baill foirne agus mic léinn ar uirlis tuairiscithe anaithnid ar líne darb ainm Speak Out.

Bealtaine 2023

Mí rathúil a bhí anseo nuair a bhain CNÉ an gearrliosta amach i nGradaim Ionad Cúraim Sláinte na hÉireann don Chlár Cuartaíochta Baile le Céimithe ón gclár 'Stretch' agus nuair a cuireadh CNÉ ar an ngearrliosta i 6 chatagóir sna Gradaim Oideachais, é ina bhuaiteoir sa chatagóir don Rannpháirteachas Idirnáisiúnta is Fearr.

Nollaig 2022

Cúis bhróid do CNÉ glacadh le duais chré-umha ó Infheisteoirí san Éagsúlacht don chomhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú ó Ionad na hÉireann don Éagsúlacht.

Investors in Diversity BRONZE

NUACHT ÓN GCOLÁISTE

Sa bhliain acadúil 2022/23, bhí 95 clár lánaimseartha agus páirtaimseartha á gcur ar fáil sa Choláiste, iad á gcreidiúnú ag Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann sna réimsí Gnó, Ríomhaireacht, Oideachas agus Síceolaíocht ar Leibhéil 6-9 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí. Anuas air sin, cuireann Coláiste Náisiúnta na hÉireann Céimeanna Taighde ar Leibhéal 10 ar fáil i gcomhar le hOllscoil Mhá Nuad. Tá cnuasach de chláir micridhintiúirí againn chomh maith do dhaoine a bheadh ag iarraidh scileanna úrnua nó scileanna breise a fhorbairt i spriocréimsí.

Tá cuid dár gcláir aitheanta ag comhlachtaí gairmiúla, cuir i gcás Comhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte (ACCA), Institiúid Chairte na gCuntasóirí Bainistíochta (CIMA), an Chomhairle Mhúinteoireachta, Cumann Síceolaithe Éireann (PSI) agus an Bord Comhairleach um Cháilíochtaí (QAB, cuid den Roinn Oideachais agus Scileanna). Tá Coláiste Náisiúnta na hÉireann ar an soláthraí is mó in Éirinn sa Bhainistíocht Acmhainní Daonna a chuireann cláir chreidiúnaithe de chuid na hInstitiúide Cairte um Fhorbairt Pearsanra ar fáil.

CLÁIR NUA ARNA MBAILÍOCHTÚ IN 2022/2023

DÁMHACHTAIN	TEIDEAL	CINEÁL	LEIBHÉAL	CREIDIÚINTÍ	COMHLACHT

NUA	AN CHLÁIR	DÁMHACHTANA			BRONNTA/ CREIDIÚNAITHE	FORAS

SCHOOL OF BUSINESS

NUA	Dioplóma agus Teastas sa Chleachtas Gairmiúil Acmhainní Daonna	Speisialta Feidhm	7	60/40	QQI Cairte Pearsanra	An Instiúid Forbartha
NUA	FoTeastas sa Dlí agus Cleachtas Gairmiúil Fostaíochta	Speisialta Feidhm	7	20	QQI Cairte Pearsanra	An Instiúid Forbartha
NUA	Dioplóma agus Teastas san Fhoghlaim Ghairmiúil agus san Fhorbairt Eagraíochtúil	Speisialta Feidhm	7	60/40	QQI Cairte Pearsanra	An Instiúid Forbartha

SCOIL NA RÍOMHAIREACHTA

NUA	MSc/Dioplóma Iarchéime sa Chleachtas Sonraí Oscailte	Mórdhámhachtain	9	90/60	QQI
NUA	Teastas Eolaíochta sa Chleachtas Sonraí	Beag	9	30	QQI

IONAD DON OIDEACHAS AGUS DON FHOGHLAIM AR FEADH AN TSAOIL

NUA	Teastas san Fhoghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta agus sa Dearadh don Fhoghlaim Dhigiteach	Dámhachtain Shainchuspóireach	9	10	QQI

Thug an Coláiste isteach próiseas nua le monatóireacht a dhéanamh ar chláir gach bliain i ngrúpa trialach de 14 chlár fochéime agus iarchéime. An aidhm ghinearálta atá ann ná le forbairt a dhéanamh ar an mbonn fianaise cáilíochtúla agus cainníochtúla a bheidh ag teastáil le cáilíocht clár a mhonatóiriú agus a mheas sa Choláiste go leanúnach agus chun tacú le hathbhailíochtú agus athchreidiúnú cáilíochtaí le Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann agus le Comhlachtaí Gairmiúla.

Cuireadh an chéad sraith d'Athbhreithnithe Cáilíochta ar Aonaid Seirbhíse/Tacaíochta i gcrích in 2022/23. Bhí an tAthbhreithniú seo dírithe ar an Oifig Lárnach Sceidealaithe. Mar chuid de, rinne baill foirne féinmheasúnú ar an Oifig agus rinne saineolaithe sinsearacha Sceidealaithe in COBÁC agus Scoil Ghnó Bhaile Átha Cliath athbhreithniú seachtrach ar obair na hOifige. Baineadh leas as na torthaí ón athbhreithniú le heolas a chur ar fáil chun athruithe oibríochta a chur in ord tosaíochta chun samhail lárnach sceidealaithe an Choláiste a fheabhsú.

Choinnigh Coláiste Náisiúnta na hÉireann a áit ar liosta de na 100 Ionad Oibre is Fearr ó thaobh na Folláine de san Iris Business & Finance, i gcomhar le Ibec. Is fianaise an gradam seo ar dhúthracht ár bhFoirne Acmhainní Daonna, faoi cheannaireacht Stiúrthóir na nAcmhainní Daonna, Mary Connelly.

Cuid de na buaicphointí as na céimeanna chun cinn a glacadh sa chomhionnanas, éagsúlacht agus ionchuimsiú i mbliana: cuireadh Meitheal Disléicse ar bun; an chéad tuarascáil ó CNÉ maidir leis an mBearna Phá idir na hInscní; clárú leis an eagraíocht Shout Out; agus na Prionsabail i gcoinne an Chiníochais a shíniú.

RACE
EQUALITY

Tríd an Tionscnamh Luathfhoghlama, cúis bhróid do CNÉ fáilte a chur roimh chomhdháil CARN i mí Dheireadh Fómhair. Acrainm is ea CARN do líonra dar teideal an Collaborative Action Research Network (Líonra um Thaighde Gníomhach Comhoibríoch). An aidhm atá leis an Taighde Gníomhach ná ceist a chíoradh agus a fhreagairt san am céanna. Baintear cuid mhaith den obair iontach a dhéanann an Tionscnamh Luathfhoghlama i bpobail imeallaithe tríd an Taighde Gníomach.

Bhí cruinniú ag Bord Comhairleach Idirnáisiúnta céimiúil Scoil na Ríomhaireachta i gColáiste Náisiúnta na hÉireann i mí Iúil: an tOllamh Jeffrey D. Ullman, Ollamh Stanford W. Ascherman le Ríomheolaíocht, Ollscoil Stanford (Cathaoirleach an Bhoird); Michael Franklin, Ollamh Mhuintir Liew le Ríomheolaíocht, Comhairleoir Sinsearach don Phropast don Eolaíocht Ríomhaireachta agus Sonraí, Comhstiúrthóir na Dámha, an Institiúid Eolaíochta Sonraí in Ollscoil Chicago; an tOllamh Armando Fox, Ollamh le Ríomheolaíocht agus Comhairleoir na Dámha don Straitéis um Fhoghlaim Dhigiteach i gColáiste na hOllscoile, Berkeley. Anuas ar an luach ollmhór a chuireann na sainchomhairleoirí seo leis an dámh agus leis an bhfoireann teagaisc, thug an tOll. Jeffrey Ullman agus an tOll. Michael Franklin léacht phoiblí ar an Meaisínfhoghlaim agus Eolaíocht Sonraí, a clúdaíodh san Irish Independent.

Bhí Scoil Ríomhaireachta CNÉ ag obair i gcomhar le Comhairle na Breataine in Éirinn le Haiceatón IS ar son na Maithe Móire a reáchtáil inar pléadh úsáid na hintleachta saorga i gcomhthéacs na spriocanna forbartha inbhuanaithe. Beidh searmas bronnta duaiseanna agus comhdháil ann i ndiaidh an imeachta seo i mí Mheán Fómhair 2023.

Minister Dara Calleary

Is i gColáiste Náisiúnta na hÉireann a seoladh Digital4Business, tionscadal €20m uile-Eorpach, á mhaoiniú ag an Aontas Eorpach, le taighde a dhéanamh ar Chlár Máistreachta Eorpach, á threorú ag an margadh, dírithe ar Ardscileanna Digiteacha a chur i bhfeidhm go praiticiúil le go mbeidh gnólachtaí in ann leas a bhaint as an mbunathrú digiteach le dul i mbun fáis agus nuála. Labhair an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Simon Harris TD, leis an imeacht trí mheán físeáin agus labhair an tAire Stáit do Chur Chun Cinn na Trádála, Cúrsaí Digiteacha agus Rialú Cuideachtaí, Dara Calleary TD, leis an lucht éisteachta ina raibh comhpháirtithe cuibhreannais (Ionad Néal-Inniúlachta CNÉ) agus páirtithe leasmhara sa réimse digiteach ó áiteanna ar fud na hÉireann agus an AE.

Bhain an léachtóir ríomhaireachta Emer Thornbury duais mar dhuine atá ag teacht chun cinn i nGradaim John Kelly as an méid atá curtha aici leis an
Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim.

Agus iad tar éis Clár Oiliúna don Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim a chur i gcrích le déanaí, d'fhoilsigh an Dr Miguel Flores, Michele Kehoe agus an Dr Conor Thompson staidéar suimiúil dar teideal "Assessment Choice and Student Voice with UDL" san irisleabhar AHEAD, imleabhar 14, bunaithe ar na prionsabail um an Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim a chur i bhfeidhm sa seomra ranga. Is féidir breathnú ar na torthaí ach cliceáil ar an nasc seo.

Is iad an Dr Michelle Kelly agus an Dr Conor Nolan ó Choláiste Náisiúnta na hÉireann a d'eagraigh an 17ú Comhdháil a bhí ag an Rannóg um Anailís Iompraíochta i gCumann Síceolaithe Éireann.

Ceapadh an Dr Michelle Kelly agus an Dr Caoimhe Hannigan mar aoi-eagarthóirí ar eagrán na hinchinne den iris Frontiers in Psychology.

BÉIM AR STRAITÉIS

D'éirigh le CNÉ in 2022/23 láithreán cuí a aimsiú agus a cheannach chun cur leis an gcampas. Bhí Plean Straitéiseach CNÉ do 2022-2027 á sheoladh chomh maith thart faoin am céanna, i mí na Samhna 2022.

Bhí baill foirne, mic léinn, céimithe, an bord rialaithe agus páirtithe leasmhara eile bailithe le chéile leis an straitéis a sheoladh nuair a rinne an tAire Airgeadais, Paschal Donohoe TD, uaillmhian CNÉ a mholadh, uaillmhian atá fréamhaithe sa mhacántacht, pobal agus ionchuimsitheacht mar bhunluachanna a dúirt sé. Sheol an tAire Ardoideachais, Simon Harris TD, teachtaireacht físe lena chuid tacaíochta don Choláiste a chur in iúl agus an Coláiste i mbun fáis san obair lena mhisean a chur i gcrích, is é sin 'saol daoine a athrú tríd an oideachas'. Chuir Uachtarán Chumann Mac Léinn CNÉ, Jennifer Treadwell, in iúl chomh bródúil atá sí as bheith ina céimí de chuid an Choláiste. Luaigh sí go bhfuil an straitéis fós ann le díriú ar mhic léinn agus le tús áite a thabhairt do thaithí an fhoghlaimeora.

National College of Ireland
Minister for Finance, Paschal Donohoe at NCI

Tá uaillmhianta straitéiseacha CNÉ ag forbairt ar mhisean CNÉ 'saol daoine a athrú tríd an oideachas' mar thoradh ar mhic léinn iontacha, foireann saineolaithe, ár ndúthracht chomhchoiteann i leith na rochtana agus an cheartais shóisialta, na sármhaitheasa acadúla agus na hinbhuanaitheachta. Is iad na luachanna atá ag CNÉ ná go mbeimid ionchuimsitheach, dírithe ar an bpobal, macánta, dinimiciúil, dírithe ar an bhfoghlaimeoir agus uaillmhianach i dtreo na sármhaitheasa gairmiúla.



Objectives, Actions, KPIs and Outcomes

Priorities
Students, Staff, Teaching, Research, Access, and Positioning

Core Values
Inclusive, Community, Integrity, Dynamic, Learner-Centred, Excellence

Vision
NCI will provide an inspiring educational experience that is innovative, responsive and enterprise focused.

Mission
To change lives through education.

Figure 1 - NCI Strategic Ambitions

National College of Ireland
PLAY
STRATEGIC PLAN
2022-2027



Fíor 2 - Sé thosaíocht do 2022-2027



Fíor 3 - Céimithe Suntasacha

AN TIONSCNAMH LUATHFHOGHLAMA

Figiúirí i leith an Tionscnaimh Luathfhoghlama:

16,433
duine

6,873
duine idir leanaí agus daoine óga

7,885
tuismitheoir agus ball den teaghlach sínte

1,562 gairmí

94%
satisfaction rates across all programmes

165
oibrí deonach

91%
a léirigh foghlaim tríd an Tionscnaimh Luathfhoghlama

379
tionscadal Idirghníomhaireachta

Bhíomar dírithe in 2022-23 ar dhaingniú na straitéise agus ar thacaíocht leanúnach a chur ar fáil do theaghlaigh le linn tréimhse dhúshlánach. D'éirigh ár gcuid oibre ní ba chasta toisc go raibh ní ba mhó tráma agus fadhbanna meabhairshláinte ag teacht chun cinn. Rinneamar ár dtiomantas a dhearbhú i leith Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, muid ag aithint - má táthar le deireadh a chur leis an mbochtaineacht agus díotha eile - go dteastóidh straitéisí coisc agus idirghabhála luaithe leis an tsláinte agus oideachas a fheabhsú, an neamhionannas a laghdú, le dul i ngleic leis an athrú aeráide agus le fás eacnamaíoch a spreagadh.

Thug an Lárionad Náisiúnta Cuartaíochta Baile agus Rannpháirtíochta Teaghlach tacaíocht do 727 gairmí i mbreis agus 20 eagraíocht agus pobal le clár Cuartaíochta Baile a sholáthar do 2,947 teaghlach ar fud na hÉireann, muid ag cur lenár gcuid comhpháirtíochtaí tríd an obair a dhéanann an Comhaontas Cuartaíochta Baile, Community Families agus My Place to Play.

Chuir Lárchathair Bhaile Átha Cliath clár freagrúil comhtháite den tacaíocht oideachais ar fáil ar gach leibhéal ón staid réamhbhreithe nó ón mbreith ar aghaidh go dtí an tríú leibhéal do 5,528 teaghlach i gcomhar le 464 gairmí. Cláir úra a bhí ann ná Cloigne Cainte agus Seisiúin Súgartha atá Tuisceanach ar Thráma.

Inár gcáil mar Chathaoirleach an Chomhaontais Cuartaíochta Baile, chuireamar staidéar indéantachta i gcrích i gcomhar leis an Tionscadal 'What Works' ón RLCMLÓ maidir le Cláir Cuartaíochta Baile a fhorbairt, a fhairsingiú agus a chur ar fáil in áiteanna eile ar fud na hÉireann, obair a chuireann le straitéis eile, Na Chéad 5 | Straitéis do Naíonáin agus Leanaí Óga. Agus 12,000+ leanbh ag teacht ar an saol faoi bhochtaineacht in Éirinn gach bliain, teastaíonn Cuairteoirí Baile i ngach pobal in Éirinn, mar gheall ar an tslí a bhfuil cúrsaí ar bhonn sóisialta anois, le go mbeidh leanaí agus tuismitheoirí in ann bláthú.

Cúis bhróid don Tionscnamh Luathfhoghlama fáilte a chur roimh Ardmhéara nua Bhaile Átha Cliath, Daithí de Róiste, i gcáil oifigiúil, nuair a d'fhreastail sé ar an sárthaispeántas Discover University. Sa phictiúr: Leon Flynn, Coláiste Larkin; Narahee Nglande, Coláiste Marino; an tOllamh Gina Quin, Uachtarán ar Choláiste Náisiúnta na hÉireann; Ard-Mhéara Bhaile Átha Cliath Daithí de Róiste; Jodie Byrne, Coláiste Larkin; Tyrell Emeordi, Coláiste Larkin.

AN GHNÉ IDIRNÁISIÚNTA

1178
Líon Iomlán na Mac Leinn

23
Clár
Difriúil

88
ar Chláir Fochéime
(12 Clár)

71
ar Chláir Ard-Dioplóma

1019
ar Chláir Mháistreachta
(10 gClár)

331
An Scoil Ghnó

848
Scoil na Ríomhaireachta

46
Tír Éagsúil

……

Cuireadh tús leis an tréimhse thuairiscithe seo in Iúil 2022 nuair a d'fhógair ár bhFoireann Idirnáisiúnta comhpháirtíocht taighde le SIMB (Symbiosis Institute of Business Management), Bangaluru, mar chuid de chomhaontú a socraíodh in CNÉ: an tOllamh Jimmy Hill, Leas-Uachtarán Gnóthaí Acadúla agus Taighde; an tOllamh Paul Stynes, Déan Scoil na Ríomhaireachta; Olivia Moss, Stiúrthóir na Roinne Idirnáisiúntal agus, in SIMB: an Dr Madhvi Dethi, Ollamh agus Stiúrthóir; an Dr Vandita Dar, Ollamh Comhlach; agus an Dr Swarnalakshmi Umamaheswaran, Ollamh Cúnta.

Le dhá bhliain anuas, Tá an Fhoireann Idirnáisiúnta tar éis tionchar an Choláiste a fhairsingiú chomh fada le Meiriceá Laidineach, leis an Meánoirthear agus níos faide isteach san Áise Thoir Theas, fairsingiú a bhaineann den chuid is mó leis an leibhéal iarchéime fós.

Chuir an Roinn Idirnáisiúnta Clár Ceannairí Óga don Todhchaí i ngníomh sa samhradh in 2022, clár a bhfuil cuspóirí éagsúla ag baint leis agus a thugann deis do CNÉ plé le pobal níos óige de mhic léinn atá ag smaoineamh ar a gcuid oideachais fochéime seachas iarchéime thar lear. Déanann an clár caidreamh CNÉ le gníomhairí ar fud na cruinne a láidriú toisc go gcuirtear ar fáil blaiseadh ardchaighdeáin den Ardoideachas i mBéarla atá tarraingteach agus fiúntach; tacaíonn sé le misean CNÉ 'saol daoine a athrú tríd an oideachas' toisc go gcuirtear an clár seo ar fáil saor in aisce agus toisc nach dteastaíonn aon choimitmint leanúnach. ceangaltas.

Dearadh Clár Ceannairí Óga don Todhchaí i gcomhar le Scoil an Ghnó i gcomhairle leis an Déan, an tOllamh Colette Darcy. Barr Thug daoine sinsearacha den fhoireann teagaisc, Leas-Uachtarán CNÉ an tOllamh Jimmy Hill ar dhuine acu, deis do mhic léinn plé a dhéanamh ar thuiscintí an tionscail, ar anailís phraiticiúil agus ar réimsí tábhachtacha gnó, cuir i gcás an fhiontraíocht, idirbheartaíocht, brandáil, bainistíocht tionscadal, ceannaireacht, agus nuálaíocht agus inbhuanaitheacht. Clár an-éachtach é seo agus níos mó ná míle mac léinn

> ***"Táim fíorbhuíoch de Choláiste Náisiúnta na hÉireann as an deis thar cionn seo a thabhairt dom le páirt a ghlacadh sa Chlár do Cheannairí Óga don Todhchaí. Bhí an clár féin speisialta, bhí na cúrsaí eagraithe, bhí na smaointe ciallmhar. Bhain mé sult as an gclár, go háirithe an modh teagiasc. D'fhoghlaim mé rudaí nua, scileanna nua agus cúpla smaoineamh a chuideoidh liom ar an aistear. Mo mhíle buíochas leis na múinteoirí, mo mhíle buíochas as Coláiste Náisiúnta na hÉireann."***
>
> – Asma Tahar Taiba

CERTIFICATE
OF PARTICIPATION

Thug na moltóirí sna Dámhachtainí Oideachais aitheantas do mhórchumas agus d'éifeachtúlacht YFLP.

The Education Awards 2023
WINNER
International Engagement Award

EISPÉIREAS NA MAC LÉINN

Léirigh Suirbhé Náisiúnta na Mac Léinn ardleibhéal sástachta i measc mhic léinn Choláiste Náisiúnta na hÉireann lena n-eispéireas sa Choláiste. De réir na mac léinn a thug freagra, tá feabhas tagtha ar fheidhmíocht CNÉ ó bhí 2021-22 ann:

- **dúirt 77% (73% sa bhliain 2021-22)** de na mic léinn a líon an suirbhé gur thug siad rangú maith nó iontach don taithí a bhí acu san iomlán ar CNÉ.
- **dúirt 80% (77% sa bhliain 2021-22)** de na mic léinn a líon an suirbhé go roghnóidís CNÉ dá mbeidís ag tosú amach ar a n-aistear staidéir arís.

Sástacht Fhoriomlán:

76% a rátálfadh a dtaithí ar an iomlán ar leibhéal maith nó iontach

80% a roghnódh CNÉ dá mbeidís ag tosú amach ar a gcuid staidéir arís

National College of Ireland
NATIONAL COLLEGE OF IRELAND
GRADUATION CEREMONIES
2022
#NCIGrad2022

Bronnadh Céimeanna CNÉ 2022 san Ionad Comhdhála, Baile Átha Cliath

Bliain iontach eile a bhí ann do chlubanna agus cumainn in CNÉ, bliain inar tháinig fás ar an mballraíocht, go háirithe sna clubanna spóirt áineasa. Bhí seisiúin oscailte ann gach seachtain do mhic léinn ar gach leibhéal i spóirt éagsúla. Bhí oíche aoibhinn againn ag Bál Chlubanna agus Chumainn CNÉ i ndeireadh na bliana, oíche ina raibh deis ag mic léinn céiliúradh a dhéanamh ar a gcuid éachtaí féin agus comhghairdeas a dhéanamh lena chéile as an obair iontach a bhí déanta acu.

NCI SU
NCI PANTHERS
National College of Ireland

Bál Chlubanna agus Chumainn CNÉ 2022

Tá Scoláireacht Spóirt CNÉ tar éis cur le saol spóirt neart pearsana spóirt i ngach réimse spóirt, idir CLG agus an pheil, ealaíona comhraic, galf agus seóléimneach, mar sin ba shásúil i mbliana gur bhronn Spórt Éireann Creidiúnú cleamhnaithe orainn as Tacaíocht do Mhic Léinn ar Lúthchleasaithe iad.

Tabharfaidh an creidiúnú seo deiseanna dár mic léinn ar lúthchleasaithe iad barr a gcumais a bhaint amach ina saol spóirt agus acadúil agus, dá réir, beidh níos mó agus níos mó arís lúthchleasaithe ardfheidhmíochta le feiceáil i measc na gcéimithe ó CNÉ.

SPORT IRELAND
INSTITUTE
ASAS
Accreditation for Student Athlete Support

Creidiúnú cleamhnaithe bronnta ar CNÉ as Tacaíocht do mhic léinn ar Lúthchleasaithe iad

Bliain iontach a bhí sa bhliain 2022/23 don Lúthchleasaí Scoláireachta sa 2ú Bliain, Patryk Adamus, a bhain neart éachtaí amach i mbliana i réimsí éagsúla. Bhuaigh Patryk an Craobhchomórtas Náisiúnta Dornálaíochta don Tríú Leibhéal, bhuaigh bonn óir i gcomórtas ilnáisiúnta Feliksa Stamma le foireann náisiúnta na hÉireann agus, le héachtaí na bliana a thabhairt chun críche, bhain sé amach an chéad bhonn óir d’Fhoireann na hÉireann, éacht stairiúil, i gCorn Domhanda Ollscoile FISU i mí Mheán Fómhair!

Bronnadh scoláireacht Amundi do Mhná san Airgeadas den chéad uair in 2022/23 ar Jani Doms. Fógraíodh é sin ar Lá Idirnáisiúnta na mBan. Tá liosta iomlán de na scoláireachtaí a chuireann CNÉ ar fáil ar ár suíomh gréasáin.

Bhailigh baill foirne agus mic léinn ó CNÉ le chéile i mí Feabhra le bigil agus ócáid tiomsaithe airgid a reáchtáil mar fhreagra ar na Creathanna Talún sa Tuirc agus sa tSiria agus lena ndlúthpháirtíocht a chur in iúl dá gcomrádaithe ranga ón limistéar sin. Mar aon leis an gciúnas agus an muintearas, bhí deis ann do na mic léinn bhainteacha cruinniú le chéile ina dhiaidh le labhairt eatarthu féin agus le leas a bhaint as seirbhísí comhairleoireachta.

CÚRSAÍ AIRGEADAIS

Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta is ea CNÉ, a fhaigheann maoiniú i bpáirt ó chroídheontas tríd an Údarás um Ard-Oideachas, trína bhfaightear táillí teagaisc d’fhoghlaimeoirí lánaimseartha fochéime faoi scéim na dtáillí saor in aisce. Tagann an maoiniú ar fad eile ó tháillí foghlaimeoirí féinmhaoinithe nó maoinithe ag a bhfostóirí, ó thionscnaimh i margadh an tsaothair á maoiniú ag an Údarás um Ardoideachas/gníomhaireachtaí Rialtais eile agus ó ioncam tráchtála. Tá na ráitis iniúchta airgeadais ina n-iomláine ar fáil ar ár suíomh gréasáin.

NCI
Coláiste Náisiúnta na hÉireann | National College of Ireland

Coláiste Náisiúnta na hÉireann, Sráid an Mhéara, an Lárionad Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta, Baile Átha Cliath 1.

G: www.ncirl.ie | F: 01 4498500 | R: info@ncirl.ie